Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 29 Samhain 2019**
**(OR. en)**

**14603/19**

**ESPACE 95**
**RECH 508**
**COMPET 774**
**MI 821**
**IND 295**
**ENV 961**
**EU-GNSS 45**
**TRANS 556**
**TELECOM 373**
**ENER 523**
**EMPL 587**
**CSDP/PSDC 554**
**CFSP/PESC 911**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 29 Samhain 2019 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13996/19 |
| Ábhar: | “Réitigh spáis d'Artach inbhuanaithe"<br>Conclúidí ón gComhairle (a glacadh ar an 28/05/2019) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn, na conclúidí ón gComhairle maidir le “Réitigh spáis d’Artach inbhuanaithe”, a ghlac an Chomhairle ag an 3733ú cruinniú a bhí aici, ar an 29 Samhain 2019.

**Conclúidí ón gComhairle maidir le "Réitigh spáis d'Artach inbhuanaithe"**

FÓGRAÍONN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID A LEANAS

AG MEABHRÚ DI

A. an Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) lena mbunaítear inniúlacht an Aontais Eorpaigh sa Spás[1];

B. an Teachtaireacht Chomhpháirteach maidir le beartas comhtháite an Aontais Eorpaigh don Artach[2] a ghlac an Coimisiún Eorpach agus an tArdionadaí ar an 27 Aibreán 2016 mar aon leis na conclúidí ón gComhairle an 12 Bealtaine 2014 maidir le beartas an Aontais Eorpaigh a fhorbairt don Réigiún Artach[3] agus na conclúidí ón gComhairle maidir leis an Artach ar an 20 Meitheamh 2016[4];

C. an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an Straitéis Spáis don Eoraip a glacadh ar an 26 Deireadh Fómhair 2016[5] agus na conclúidí ón gComhairle maidir le "Straitéis Spáis don Eoraip" an 30 Bealtaine 2017[6];

1. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil ról ríthábhachtach ag réitigh spáis i réimsí tosaíochta bheartas comhtháite an Aontais don Artach: maolú agus oiriúnú ar an athrú aeráide agus an timpeallacht Artach a choimirciú; forbairt inbhuanaithe a áirithiú san Artach agus timpeall air; mar aon leis an gcomhar idirnáisiúnta maidir le saincheisteanna Artacha a chur chun cinn;

[1] Go háirithe Airteagail 4 agus 189 de.
[2] 8408/16.
[3] 9746/14.
[4] 10400/16.
[5] 13758/16.
[6] 9817/17.

2. AITHNÍONN SÍ gur féidir leis an Artach, mar limistéar ollmhór inar tearc an daonra agus ina bhfuil pointí breathnóireachta teoranta faoi láthair, tairbhe mhór a bhaint as seirbhísí spásbhunaithe; TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil go leor de na dúshláin agus na riachtanais atá ag an Artach cosúil leis na dúshláin agus na riachtanais atá ag limistéir chósta agus iargúlta, farraigí agus aigéin eile agus go bhfuil sineirgí agus comhordú le feabhsú le tionscnaimh réigiúnacha eile, lena n-áirítear tionscnaimh don bhainistiú comhtháite muirí; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil faire na cruinne, loingseoireacht satailíte, cumarsáid satailíte agus breathnóireacht ar an aimsir sa spás lena gcumhdaítear an tArtach ina gcuidiú cheana féin nó go bhféadfaidís a bheith ina gcuidiú maidir le dul i ngleic leis na dúshláin sa réigiún;

3. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil an timpeallacht Artach á hathrú go tapa agus go drámatúil mar thoradh ar éifeachtaí an athraithe aeráide; AITHNÍONN SÍ tábhacht na n-athruithe sin don Eoraip agus don domhan agus LEAGANN SÍ BÉIM ar an ról atá ag cumais spáis i ndáil le faireachán a dhéanamh ar na hathruithe sin;

4. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go n-aithnítear sa togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán maidir le Clár Spáis an Aontais[7] tábhacht na réigiún Artach agus Polach agus go n-aithnítear i mbeartas Artach an Aontais an tábhacht a bhaineann leis na cláir spáis Eorpacha; AITHNÍONN SÍ go bhfuil cumais shuntasacha ag an Eoraip cheana féin, go háirithe i réimsí fhaire na cruinne agus loingseoireachta satailíte, lena gcumhdaítear an tArtach;

5. AITHNÍONN SÍ go bhfuil ról luachmhar cheana féin ag satailítí Sentinel Copernicus i bhfithisí polacha, in éineacht le misin rannchuidithe Copernicus sa réigiún Artach; TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfreagraíonn na sé sheirbhís théamacha de chuid Copernicus ar riachtanais na n-úsáideoirí i réimsí an fhaireacháin ar an atmaisféar, an fhaireacháin ar an muirthimpeallacht, an fhaireacháin talún, an athraithe aeráide, an bhainistithe éigeandála agus i réimse na slándála;

[7] 9898/18.

6. AITHNÍONN SÍ go bhfuil bearnaí fós ann sna cumais agus sna seirbhísí faireacháin, lena n-áirítear faireachán ardtaifigh ar gháis ceaptha teasa agus seirbhísí aeráide, agus ar an gcaoi sin, IS DÍOL SÁSAIMH DI forás Copernicus, chun aghaidh a thabhairt, go háirithe, ar na cuspóirí a ardaíodh i mbeartas an Aontais don Artach agus chun faireachán oibríochtúil, iontaofa, cobhsaí agus leanúnach ar na príomh-athróga a áirithiú, lena n-áirítear teocht agus salandacht uisce farraige Artaigh, deascadh, athruithe in uiscí úra, síneadh muiroighir agus leibhéil gháis ceaptha teasa, amhail CO2 agus meatán agus forbairt ionchasach mhisin agus sheirbhísí tiomnaithe Copernicus, bunaithe ar an athbhreithniú ailtireachta ó GSE agus ar chinneadh ón gCoimisiún in 2021 mar aon leis an anailís ghnách ar riachtanais úsáideoirí;

7. AITHNÍONN SÍ go bhfuil méid ollmhór sonraí um fhaire na Cruinne ar fáil, lena n-áirítear sonraí ón réigiún Artach, agus IS DÍOL SÁSAIMH DI dúshaothrú na sonraí sin d'fhonn feidhmeanna agus seirbhísí iartheachtacha nua a fhorbairt lena gcothófar iomaíochas na hEorpa, go háirithe FBManna, agus seach-chuideachtaí;

8. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur bunriachtanach atá loingseoireacht chruinn shábháilte le haghaidh modhanna difriúla iompair agus le haghaidh cuardach agus tarrtháil chomh maith, mar gheall ar imthosca sonracha agus ar fhairsinge an limistéir Artaigh, agus CUIREANN SÍ I dTREIS go gcuirtear sonraí suite agus uainiúcháin an-chruinn ar fáil le Galileo don réigiún Artach, mar aon le cumas cuardaigh agus tarrthála agus MEABHRAÍTEAR DI go mba cheart riachtanais an Artaigh a chur san áireamh agus seirbhísí todhchaí Galileo á bhforbairt, lena n-áirítear Seirbhís Ardchruinnis Galileo (HAS);

9. MEABHRAÍTEAR DI a thábhachtaí atá sineirgí idir Galileo agus Copernicus le haghaidh oibríochtaí sábháilte iompair, gníomhaíochtaí eacnamaíocha agus faireachán comhshaoil, ag freastal ar riachtanais úsáideoirí atá lonnaithe sa réigiún Artach agus MOLANN SÍ don Choimisiún, do Ghníomhaireacht Eorpach GNSS, GSE, EUMETSAT agus d'eintitis eile a bhfuil cúraimí de chuid Copernicus curtha orthu, i gcomhréir lena misin faoi seach, leas a bhaint as na sineirgí sin agus feidhmchláir, táirgí agus seirbhísí "iltoiseacha" (cumarsáid suite/fhaire na Cruinne/satailíte) á bhforbairt acu;

10. AITHNÍONN SÍ cé gur leathnaíodh seirbhísí EGNOS i mí an Mhárta 2019 chun an chuid is mó de limistéar thuaisceart an Aontais san Artach a chumhdach, go bhfuil bearnaí fós i leibhéal na seirbhíse agus TATHANTAÍONN SÍ ar an gCoimisiún a áirithiú go gcuirfear seirbhísí EGNOS ar fáil do chríoch na mBallstát go léir atá lonnaithe go geografach san Eoraip, i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil is infheidhme, a luaithe is féidir;

11. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhféadfadh an aimsir spáis dochar a dhéanamh do bhonneagar spásbhunaithe agus do bhonneagar ar talamh agus go bhféadfadh sé sin cur isteach ar dhea-fheidhmiú na sochaí san Artach, agus go mbeadh tionchair ar phobail áitiúla agus ar ghníomhaíochtaí eile san Artach (cur isteach ar loingseoireacht satailíte agus ar chumarsáid a mbeadh tionchar aige ar eitiltí polacha, cur isteach ar eangacha cumhachta); MOLANN SÍ don Choimisiún, laistigh den chomhchuid de chlár spáis an Aontais a bhaineann le feasacht staide an spáis, an bhreathnóireacht agus an tuiscint ar theagmhais aimsire spáis a fheabhsú, ionas go bhféadfaí ullmhú dá n-éifeachtaí agus iad a chosc;

12. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go gciallaíonn an easpa córas cumarsáide talmhaí sa réigiún Artach go mbeidh ról níos tábhachtaí ag an mbonneagar spáis maidir le cumarsáid iontaofa agus nascacht líonra ardluais a ráthú; TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil bearnaí fós ann maidir le hacmhainneacht cumarsáide satailíte leanúnach a bheith ar fáil san Artach agus go bhfuil iarmhairtí ag na bearnaí nascachta sin don réigiún Artach chun iad féin a chur in oiriúint do shochaí agus do gheilleagar atá ag éirí níos digití an t-am ar fad; MOLANN SÍ don Choimisiún tuilleadh anailíse a dhéanamh ar an mbealach ar féidir an acmhainneacht sin a fhorbairt lena n-áiritheofaí cur chuige comhleanúnach sna comhchodanna go léir de chlár spáis an Aontais; TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhféadfaí réitigh a chur ar fáil sa chomhchuid GovSatCom de chlár spáis an Aontais a bheidh ann amach anseo do na riachtanais le haghaidh cumarsáid shlán d'údaráis phoiblí sa réigiún, go háirithe maidir le cumarsáid a bhaineann le cuardach agus tarrtháil;

13. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur féidir tuilleadh feabhais a chur ar sheirbhísí meitéareolaíocha tuartha aimsire san Artach agus MOLANN SÍ do na Ballstáit, GSE, EUMETSAT agus ECMWF[8] an méid a leanas a dhéanamh; tuilleadh anailíse a dhéanamh ar na riachtanais, na féidearthachtaí agus ar an éifeachtúlacht chun forbairt na seirbhísí sin a chur chun cinn, agus i gcás inarb ábhartha, leas a bhaint freisin as breathnóireachtaí Sentinel atá ann cheana agus a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo;

14. AITHNÍONN SÍ go ndéantar taighde, forbairt agus nuálaíocht don spás agus don Artach a spreagadh agus a chur ar fáil trí chláir ábhartha de chuid an Aontais, amhail Fís Eorpach, lena n-áirítear comhar idirnáisiúnta le tríú tíortha;

15. MOLANN SÍ don Choimisiún agus do Ghníomhaireacht Eorpach GNSS comhoibriú go gníomhach le GSE, EUMETSAT agus eintitis eile a bhfuil cúraimí de chuid Copernicus curtha orthu, i gcomhréir lena misin faoi seach agus forluí agus dúbailt neamhriachtanach á seachaint, in éineacht lena gcomhpháirtithe idirnáisiúnta agus, go háirithe, le pobail áitiúla agus le pobail dhúchasacha, agus riachtanais na n-úsáideoirí á gcur san áireamh, chun réitigh spáis d'Artach inbhuanaithe a chothú;

16. AITHNÍONN SÍ gur féidir leis na deiseanna a chuirtear ar fáil leis an Spás Nua (New Space) soláthar seirbhísí agus réiteach nua spás-chumasaithe a chothú do riachtanais an Artaigh agus MOLANN SÍ don Choimisiún agus do Ghníomhaireacht Eorpach GNSS in éineacht le GSE na deiseanna sin a fheabhsú ar bhonn gníomhach i gcomhréir lena misin faoi seach agus forluí agus dúbailt neamhriachtanach á seachaint;

17. MOLANN SÍ don Choimisiún agus don Ardionadaí a machnamh a dhéanamh faoi Theachtaireacht Chomhpháirteach 2016 a nuashonrú d'fhonn na dúshláin agus na deiseanna nua a chur san áireamh, lena n-áirítear maidir le réitigh spáis, san Artach, agus an leas idirnáisiúnta atá ag dul i méid.

---

[8] Lárionad Eorpach do Réamhaisnéisí Aimsire Meánraoin (ECMWF).